Seirbhís Urnaí do Chéadaoin an Luaithrigh

Cuireann Céadaoin an Luaithrigh tús le Séasúr an Charghais.

I rith an Charghais, iarrtar orainn athrú le bheith inár ndaoine níos fearr.

Tá muid in ann é sin a dhéanamh trí iarracht a dhéanamh a bheith níos cosúla le hÍosa.

An Phaidir Thosaigh:

A Dhia ár nAthair, treoraíonn tú agus díríonn tú muid ar ár dturas tríd an saol. Bí inár dteannta agus muid ag cur tús lenár n-aistear Carghais lán le creideamh agus grá. Cabhraigh linn aithne níos fearr a chuir ort le linn an t-séisiúir, speisialta, beannaithe seo. Cabhraigh linn do thoil a dhéanamh chuile lá i rith an Charghais. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach Duine: Áiméan.

An Chéad Léacht: (Ióéil 2, 12-14)

Sliocht ó Ióéil fáidh: *"Ach anois féin," a deir an Tiarna, "filligí ormsa le lándúthracht bhur gcroí agus sibh ar troscadh agus ag gol agus ag olagón; agus réabaigí bhur gcroí in ionad bhur mball éadaigh."*
Filligí chun an Tiarna, bhur nDia, mar tá sé truachroíoch agus trócaireach, mall chun feirge agus lán de bhuanghrá agus is aithreachas dó an t-olc.
(sos)

Briathar Dé.

Gach Duine: Buíochas le Dia

An Soiscéal: Marcus 1: 14-15
Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Marcus
éis Eoin a bheith tugtha ar láimh, tháinig Íosa go dtí an Ghailíl ag fógairt soiscéal Dé agus ag rá: "Tá an tréimhse caite agus tá ríocht Dé in achmaireacht. Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal."

Tar

Soiscéal an Tiarna . **Gach Duine: Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.**

AG DÁILEADH AN LUAITHREACH BHEANNAITHE

Paidir: Go gcuire an luaithreach seo i gcuimhne dúinn an cuireadh a thug Dia dúinn aithrí a dhéanamh inár bpeacaí agus é a leanacht.

Cuirtear an luaithreach ar chlár éadain/bhaithis gach duine agus deirtear:

"Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal."

Nuair a chuireann tú an luaithreach ar bhaithis gach páiste is féidir leat an phaidir seo a úsáid nó iarr ar na páistí a gcuid paidreacha féin a scríobh. (Tabhair cinnteidil dóibh)

Liotúirge Chéadaoin an Luaithrigh do pháistí

PAIDREACHA IDIRGHUÍ

1. A Thiarna, guímis go dtaispeánfaidh ceannairí na heaglaise dúinn, trína ndea shampla, na athmhuintearas a Guímis chun an Tiarna. **lenár nguí.**

bealaí, chun aithrí agus dhéanamh.
Gach Duine: A Thiarna, éist

2. A Thiarna, guímis go tabharfaidh clann ndeirfiúracha atá uaigneach, bocht agus Dé a ndeartháireacha agus a in ísle brí chun cuimhne trína gcuid bia, airgead agus am a roinnt leo i rith an Charghais seo agus i gcónaí.
   Guímis chun an Tiarna.
   Gach Duine: A Thiarna, éist lenár nguí.

A Thiarna, guímis go ndéanfaidh muid iarracht i rith an Charghais seo coiscéimeanna Íosa a leanacht agus éirí níos gaire do Dhia.
Guímis chun an Tiarna.
Gach Duine: A Thiarna, éist lenár nguí.

3. A Thiarna, guímis go gcabhróidh na gníomhartha beaga de fhéindiúltú linn a bheith feasach ar fhulaingt dhaoine eile.
   Guímis chun an Tiarna.
   Gach Duine: A Thiarna, éist lenár nguí.

4. A Thiarna, guímis go dtiocfaidh méadú ar ár dtuiscint ar an gcúram agus ar an gcabhair a theastaíonn uathu siúd inár bpobal atá easnamhach agus in ísle brí.
   Guímis chun an Tiarna.
   Gach Duine: A Thiarna, éist lenár nguí.

Paidir Scoir: A Dhia, foinse na beatha, tuigeann tú ár mianta agus ár laigeachtaí. Déan ár gcroíthe agus ár saol a athnuachan le go mbeidh muid in ann maireachtáil mar do chlann. Cabhraigh linn lámh chúnta a thabhairt do dhaoine eile agus do ghrá a roinnt le chuile dhuine.

Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.